



.....Naíscoil Lurgan.....

Bunaíodh an chéad naíscoil i gConamara i 1975 agus seo mar a tharla sé. Tar éis dom naíscoileanna a fheiceáil i Sasana, agus an tairbhe a bhain gasúir astu, chuir mé féin spéis iontu agus bheartaigh mé ar chúrsa traenála a dhéanamh i stiúradh naíscoile. Nuair a d'fhill mé ar Chonamara chonaic mé go raibh easpa mór ar na gasúir bheaga agus, tar éis suirbhé a dhéanamh i measc na dtuismitheoirí, ba léir dom go raibh siadsan den tuairim gur theastaigh naíscoil san áit. De bharr an tsuirbhé seo bunaíodh an chéad naíscoil i gColáiste Lurgan. D'éirigh thar cionn léi agus tá naíscoileanna eile sa Spidéal agus ar an gCeathrú Rua anois. Chonaic Bord na Gaeilge go raibh naíscoileanna riachtanach i gConamara agus cheap siad feitheoir le naíscoileanna eile a bhunú.

Céard is naíscoil ann? Bhuel, is é cuspóir naíscoile féinmhuinnín a chothú i ngasúir réamh-bhunscoile le go mbeidís in ann meascadh le chéile gan faitíos. Tríd an súgradh naíscoile foghlaimíonn siad go leor scileanna éagsúla agus forbraíonn siad teanga, éisteacht, comhordú, fiosreacht, grinneas, agus foghlaimíonn siad len iad féin a chur in iúl.

Cén chaoi a múnlaíonn tú na tréithe seo i ngasúr? Le grúpa beag gasúr bíonn an stiúthóir in ann am a chaitheamh leo — ag éisteacht leo, ag caint leo, ag

inseacht scéalta dóibh — rud atá fíor-thábhachtach don ghasúr. Níl sé éasca ar mháthair cead a thabhairt dóibh a bheith ag 'messáil' le uisce, le péint, le gliú, le siosúr, srl. Ní bhreathnaítear air seo mar 'mhessáil' sa naíscoil mar is ó na heachtraí seo a fhoghlaimíonn siad le úsáid a bhaint as na matáin a theastóidh uathu ar ball le breith ar pheann luaidhe agus an comheagar a theastóidh idir láimh agus súil. Cuidíonn míreanna mearaí, bricí, cártaí, dúradáin, agus pionnachláir leo le pátrúin a leanacht. Teastaíonn na scileanna seo uathu le léitheoireacht a fhoghlaim.

Ag fágáil an teaghlaigh ina dhiaidh dó, foghlaimíonn an gasúr le meascadh agus le imirt agus le caidreamh a bheith aige le daoine eile agus faigheann sé é seo sa naíscoil. Ag 'dul ar scoil' don ghasúr naíscoile, ní bhíonn an t-athrú chomh coscrach mar bíonn muinín aige as féin.

Bíonn neamhspleáchas le feiceáil ina gcuid cluichí samhlaíochta mar a fheictear ón gcaoi ina samhlaíonn siad gur daoine fásta iad. Ar an gcaoi seo bíonn tuiscint ag an ngasúr ar dhaoine eile.

Is trí chomh-imirt agus trí chomh-oibriú a fhoghlaimíonn gasúir. Tá sé cruthaithe gurb é súgradh obair an pháiste.

